**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-301/19)** [1]

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Airteagal 6(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – An gá atá le maoirseacht dhíreach ag BCE ar institiúid chreidmheasa nach bhfuil chomh suntasach sin – Iarratas ón údarás inniúil náisiúnta – Airteagal 68(5) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 – Cinneadh BCE lena n – aicmítear PNB Banka mar eintiteas suntasach atá faoi réir a mhaoirseachta stuamachta dhíreach – Oibleagáid cúiseanna a lua – Comhréireacht – Cearta cosanta – Rochtain ar chomhad riaracháin – Tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 68(3) de Rialachán Uimh. 468/2014 – Airteagal 106 de na Rialacha Nós Imeachta – Iarratas ar éisteacht gan cúis)***

(2023/C 35/52)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus D. Segoin, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ar tugadh fógra ina leith i litir an 1 Márta 2019, chun é a aicmiú mar eintiteas suntasach faoi réir a mhaoirseacht stuamachta dhíreach, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd a thabhaigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a íoc.

[1] IO C 246, 22.7.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-330/19)** [1]

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Airteagal 22 de Threoir 2013/36/AE – Agóid ag BCE i gcoinne cheannach sealúchais cháilitheacha in institiúid chreidmheasa – Túsphointe na tréimhse mheasúnaithe – Idirghabháil BCE le linn céim tosaigh an nós imeachta – Critéir chobhsaíochta airgeadais an fhaighteora bheartaithe agus comhlíonadh na gceanglas stuamachta – Foras réasúnach a bheith ann chun cur i gcoinne an cheannaigh ar bhonn critéar meastóireachta amháin nó roinnt critéar meastóireachta – Airteagal 106 de na Rialacha Nós Imeachta – Iarratas ar éisteacht gan cúis)***

(2023/C 35/53)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus V. Hümpfner, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Triantafyllou, A. Nijenhuis agus A. Steiblytė, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ar tugadh fógra ina leith i litir an 21 Márta 2019, lenar chur an institúid sin i gcoinne cheannach sealúchais cháilitheacha in B, a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd arna dtabhú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a íoc.

3) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

---

(1) IO C 270, 12.8.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-230/20)** (1)

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – Cúraimí maoirseachta sonracha ag an BCE – Cinneadh údarú na hinstitiúide creidmheasa PNB Banka a tharraingt siar – Togra chun údarú an údaráis inniúil náisiúnta a tharraingt siar – Cinneadh dócmhainneachta PNB Banka – Tréimhse réasúnta – Oibleagáid cúiseanna a lua – Comhréireacht)***

(2023/C 35/54)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus V. Hümpfner, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht na Laitvia (ionadaithe: K. Pommere, J. Davidoviča agus E. Bārdiņš, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) an 17 Feabhra 2020, ECB-SSM-220-LVPNB-1, WHD-2019-0016 lenar tarraingíodh siar a údarú institiúid creidmheasa, a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd a thabhaigh an Banc Ceannais Eorpach, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha, a íoc.